Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2025/2441

24.4.2025

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an 14 Aibreán 2025**

**lena gceaptar comhalta de Bhord Bainistíochta an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia a dhéanann ionadaíocht d'eagraíochtaí comhshaoil neamhrialtasacha**

(C/2025/2441)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta maidir le dlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta in ábhair a bhaineann le sábháilteacht bia ([1]), agus go háirithe Airteagal 25(1a), pointe (c) de,

Ag féachaint do liosta na n-iarrthóirí a chuir an Coimisiún Eorpach faoi bhráid na Comhairle, i litir dar dáta an 18 Samhain 2024,

Ag féachaint do na tuairimí a léirigh Parlaimint na hEorpa i litir dar dáta an 12 Márta 2025,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá sé ríthábhachtach neamhspleáchas, ardchaighdeáin eolaíocha, trédhearcacht agus éifeachtúlacht an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (EFSA) a áirithiú. Ina theannta sin, tá sé fíor-riachtanach comhar EFSA leis na Ballstáit a áirithiú.

(2) Ceanglaítear le Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 go n-áirítear ar Bhord Bainistíochta EFSA ceathrar comhaltaí agus ceathrar comhaltaí malartacha a mbeidh ceart vótála acu agus a dhéanfaidh ionadaíocht do leasanna na sochaí sibhialta agus an bhiashlabhra, eadhon comhalta amháin agus comhalta malartach amháin ó eagraíochtaí tomhaltóirí, comhalta amháin agus comhalta malartach amháin ó eagraíochtaí comhshaoil neamhrialtasacha, comhalta amháin agus comhalta malartach amháin ó eagraíochtaí feirmeoirí, agus comhalta amháin agus comhalta malartach amháin ó eagraíochtaí tionsclaíochta.

(3) Is í an Chomhairle, i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa ar bhonn liosta arna tharraingt suas ag an gCoimisiún, a cheapann na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha a dhéanann ionadaíocht do leasanna na sochaí sibhialta agus an bhiashlabhra. Téarma oifige 4 bliana atá le bheith acu agus ní fhéadfar é a athnuachan ach aon uair amháin.

(4) Cheap an Chomhairle, trí bhíthin Chinneadh uaithi an 2 Meitheamh 2022 ([2]), ionadaithe na sochaí sibhialta agus an bhiashlabhra ina gcomhaltaí agus ina gcomhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta EFSA don tréimhse ón 1 Iúil 2022 go dtí an 30 Meitheamh 2026.

(5) I litir dar dáta an 12 Iúil 2023, cuireadh in iúl do EFSA go raibh Xavier GABARRELL DURANY, an comhalta a dhéanann ionadaíocht d'eagraíochtaí comhshaoil neamhrialtasacha, éirithe as oifig.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, ionadaí nua a cheapadh mar an comhalta a dhéanann ionadaíocht ar eagraíochtaí comhshaoil neamhrialtasacha ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige.

(7) Roghnaíodh an t-iarrthóir atá ar an liosta arna chur isteach ag an gCoimisiún tar éis glao ar léiriú spéise ar bhonn na taithí agus an tsaineolais ábhartha i réimse dhlí agus bheartas an bhiashlabhra, lena n-áirítear measúnú riosca, chomh maith le saineolas ábhartha i réimsí ábhar bainistíochta, riaracháin, airgeadais agus dlí.

(8) Scrúdaíodh an liosta arna chur isteach ag an gCoimisiún d'fhonn comhalta de Bhord Bainistíochta EFSA a dhéanann ionadaíocht d'eagraíochtaí comhshaoil neamhrialtasacha a cheapadh, ar bhonn na doiciméadachta a sholáthair an Coimisiún agus i bhfianaise na dtuairimí a chuir Parlaimint na hEorpa in iúl. Leis an gceapachán seo, daingnítear a thuilleadh an caighdeán is airde inniúlachta agus an raon is leithne taithí agus saineolas ábhartha atá ar fáil i réimse dhlí agus bheartas an bhiashlabhra, lena n-áirítear measúnú riosca, agus áiritheofar san am céanna go mbeidh saineolas ábhartha ann laistigh de Bhord Bainistíochta EFSA in ábhair bhainistíochta, riaracháin, airgeadais agus dlí,

([1]) IO L 31, 1.2.2002, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2002/178/oj.
([2]) Cinneadh ón gComhairle an 2 Meitheamh 2022 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia a dhéanann ionadaíocht do leasanna na sochaí sibhialta agus an bhiashlabhra (IO C 225, 9.6.2022, lch. 2).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar an duine seo a leanas ina chomhalta de Bhord Bainistíochta an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia go dtí an 30 Meitheamh 2026:

Martin DERMINE (eagraíochtaí comhshaoil neamhrialtasacha).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 14 Aibreán 2025.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

K. KALLAS